Réamhrá

Ollrith náisiúnta timpeall na hÉireann is ea Rith 2012. Trí phlé a dhéanamh ar chúrsa na féile is féidir le scoláirí **ag gach leibhéal scileanna léirléamh léarscáile, grafacha agus anailíse** a fhorbairt. Is mór an saibhreas eolais atá ceilte inár logainmneacha dúchasacha agus forbróidh scoláirí tuiscint ar **stair lonnaíochtaí** trí staidéar a dhéanamh ar na logainmneacha coitianta, agus *Ar Redadeg* logainmneacha ina a gceantair féin. Spreagtar iad le himscrúdú tíreolaíochta a dhéanamh ar a gceantar féin, agus is féidir leo cur isteach ar chomórtas ealaíne bunaithe ar logainmneacha a gceantair a léiriú.

Tá *Rith* bunaithe ar leithéidí *Korrika* i dTír na mBascach agus sa Bhriotáin. Mar sin tá eolas san aonad faoi **theangacha oifigiúla agus neamhfhorleathana san Aontas Eorpach**. Forbróidh scoláirí tuiscint ar an g**coincheap de réigiúin teanga** agus d'fhéadfaí iad a spreagadh le breis staidéir a dhéanamh ar cheann de mhórfhadhbanna ár linne – creimeadh leanúnach líon na dteangacha.

Seans go n-oirfeadh an obair seo do scoláirí idirbhliana ach go háirithe, ach tá ceangal láidir idir na smaointe thíos agus gnéithe de shiollabais an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.

Cuspóirí

- Go gcuirfeadh na scoláirí eolas ar Rith 2012 agus ar an gcúrsa
- Go dtuigfeadh siad brí na logainmneacha is coitianta in Éirinn, agus go ndéanfadh siad staidéar ar bhunús na logainmneacha ina gceantar féin
- Go gcuirfeadh siad imscrúdú tíreolaíochta dá gcuid féin i gcrích
- Go mbainfeadh na scoláirí leas as foinsí éagsúla - léarscáileanna, graif , staitisticí agus araile – chun eolas a fháil, a anailísiú, a mheas agus a chur in iúl
- Go bhforbródh siad tuiscint ar an gcoincheap de réigiún teanga agus ar theanga mar thráscaire cultúir, ina n-áirítear mórghrúpaí teanga agus teangacha mionlaigh.

Ag teastáil

- Pacáiste Rith 2012
  - Ábhar do dhaltaí > Iarbhunscoileanna > Aonad 2
  - Póstaeir: (1) Cúrsa Rith 2012, (2) Teangacha san Aontas Eorpach
  - Taispeántais PowerPoint: (1) Grianghraif Rith 2010, (2) Logainmneacha Coitianta
  - Léarscáil Google Maps de chúrsa Rith 2012 ar www.rith.ie
- Léarscáil na hÉireann agus na hEorpa
- Rochtain ar an idirlíon – roinnt gníomhaíochtaí ar líne molta

Cur chuige: moltaí agus féidearthachtaí

Spreagadh spéise

Tá raidhse acmhainní ar fáil sa phacáiste scoile a d'fhéadfaí a úsáid mar spreagadh spéise san aonad seo: m.sh. an físeán **Amhrán Rith 2010** (féach Aonad 1, Ceol), nó an taispeántas **Powerpoint: Grianghraif Rith 2010**, an **Póstaer: Cúrsa Rith 2012**, nó beidh físeáin bhreise ar fáil ar www.rith.ie/scoileanna ó mhí na Nollag ar aghaidh. D'fhéadfaí freisin iarraidh ar na scoláirí cuairt a thabhairt ar www.rith.ie mar obair bhaile agus eolas a bhailiú mar gheall ar choincheap na féile. Tá ceisteanna samplacha ar fáil ar **Bhileog 1** mar chabhair.

Scileanna léirléamh léarscáile, grafacha agus anailíse

Féach ar chúrsa Rith ar www.rith.ie, agus pléigh an cúrsa. D'fhéadfaí iarraidh ar na scoláirí tabhairt faoi chuid de na gníomhaíochtaí seo:

- An cúrsa féin a phlé agus tuairimí a nochtadh ar cén fáth ar roghnaíodh na contaetha sin, cén áiseanna atá ar fáil iontu; taighde a dhéanamh ar na bailte agus na hionaid agus cuid de na gnéithe comónta eatarthu a aimsiú (*m.sh. cuid acu ina bpríomhbhailte contaetha; cuid acu sa Ghaeltacht; cuid acu aitheanta mar áiteanna ina bhfuil pobal láidir Gaeilge nó go bhfuil gaelscoil nó gaelcholáiste iontu*).
- Úsáid a bhaint as Google maps chun gnéithe na mbóithre agus sráideanna a roghnaíodh a phlé: m.sh. *Roghnaigh giota faoi leith den chúrsa idir pointe A agus B. An raibh rogha ann ó thaobh bealach de? Má bhí, an aontaíonn siad leis an gcinneadh a ndearnadh? Cén fáth?*
- MionRith a phleanáil timpeall na scoile féin, nó in áit oiriúnach in aice léi – ciliméadar a thomhas agus a mharcáil. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar chleachtadh don Rith féin – nó muna bhfuil Rith ag teacht chun na scoile chun mionRith áitiúil a dhéanamh. Bheadh an tasc seo oiriúnach do ghrúpaí, nó do scoláirí aonair. Féach na ceisteanna ar **Bhileog 2**.

Tuiscint ar logainmneacha coitianta agus logainmneacha mo cheantair féin

- Pléigh cuid de na logainmneacha atá sa cheantar: s*eoladh na scoile, ainm an bhaile fhearainn, ainm an bhaile féin, ainm an chontae.*
- Mínigh brí na logainmneacha is coitianta - tá taispeántas **Powerpoint – Logainmneacha** ar fáil mar chabhair.
- Féach ar liosta na mbailte ar chúrsa Rith 2012 (**Póstaer**: **Cúrsa Rith 2012** – cóip chrua nó PDF). Déan liostaí de na bailte ina bhfuil cuid de na logainmneacha coitianta – féach **Bileog 3 agus 4**. *Cad iad na logainmneacha eile atá ann níos mó ná uair amháin? Faigh amach cad is brí leo siúd, le cabhair foclóra nó logainm.ie.* Dear agus déan a bpóstaeir féin chun brí na logainmneacha a léiriú: *m.sh. Baile Átha an Rí – Rí ina sheasamh in aice átha agus baile; Cill an Chairn – cill agus carn; Dún Laoighre – Ó Laoighre agus a dhún.*
- Pléigh na logainmneacha, agus an t-eolas a thugann siad dúinn ar an mbaile/an ceantar. M.sh. *Cén fáth ar tógadh Ardeaglais in Ard Mhacha? Cén fáth ar lonnaigh daoine in Áth Í agus Baile Áth an Rí? Déan taighde chun fáil amach cérbh é an Laoghaire a raibh dún aige i nDún Laoghaire? Meas siad an bhfuil aon rian den choill fós fágtha i nDoire?*
- Déan amhlaidh le logainmneacha an cheantair. Bain úsáid as an suíomh gréasáin www.logainm.ie chun an leagan ceart Béarla agus Gaeilge de logainmneacha an cheantair a aimsiú, agus déan liosta díobh. Cuir na logainmneacha i gcomparáid leis an tíreolaíocht fhisiceach agus pholaitiúil mar atá sí anois ann. *An bhfuil rian na logainmneacha fós le feiceáil sa cheantar? Cén léargas a thugann siad dúinn ar stair agus cúiseanna na lonnaíochtaí sa cheantar?*

Imscrúdú Tíreolaíochta: Mo cheantar féin

- Spreag na scoláirí chun imscrúdú tíreolaíochta a dhéanamh ina gceantar féin, ar thopaic nó téama a bhaineann le Rith 2012. Tá creat oibre agus ceisteanna samplacha do dhá théama (logainmneacha agus an Ghaeilge) sna **Bileoga 5a agus 5b**. Tá an creat seo bunaithe ar cheann atá ar fáil i siollabas tíreolaíochta na hArdteistiméireachta i bPoblacht na hÉireann.

Teangacha san Aontas Eorpach

- Bain úsáid as an **bPóstaer: Teangacha san Aontas Eorpach** chun staidéar a dhéanamh ar chuid de na teangacha atá in úsáid i dtíortha an Aontais Eorpaigh. Pléigh an difríocht idir teangacha oifigiúla agus teangacha réigiúnacha/mionlaigh.
- Pléigh an t-eolas ar **Bhileog 6** faoin ilteangachas san Aontas Eorpach agus bain triail as an bhfocalchuardach ar **Bhileog 7**. Tabhair dúshlán do na scoláirí an focal RITH a aistriú go gach ceann de teangacha atá in úsáid san Aontas Eorpach agus póstaer a dhearadh i gcomhair Rith leis na focail go léir. Nó bain úsáid as www.wordle.net chun na focail a chur i láthair.
- Eagraigh díospóireacht ranga ar théama a bhaineann le hilteangachas nó teangacha neamhfhorleathana: *Cosnaíonn an t-aistriúchán san AE an iomarca airgid. B'fhearr teanga amháin a roghnú agus iachall a chur ar gach duine í a fhoghlaim.*
- Téigh go www.europa.eu (suíomh tairisigh an Aontais Eorpaigh) agus íoslódáil an leabhrán eolais do dhaltaí iar-bhunscoile faoi theangacha san Aontas Eorpach, chun eolas agus smaointe breise a fháil.
- Tá coincheap Rith bunaithe ar *Korrika* i dTír na mBascach. Féach an t-eolas faoin Korrika agus *Ar Redadeg* sa Bhriotáin. Spreag na scoláirí chun taighde a dhéanamh fúthu agus faoi na pobail teanga atá á n-eagrú. Féach www.rith.ie/ankorrika agus www.rith.ie/redadeg. Tá go leor féidearthachtaí éagsúla ó thaobh na tíreolaíochta de: m.sh. *Cuir cúrsa Korrika i gcomparáid le Cúrsa Rith ó thaobh faid, ionaid, daonra, agus pobail de. Cad iad na gnéithe is cosúla idir Rith agus an Korrika? Cén fáth a bhfuil difríochtaí áirithe ann – cén cúiseanna eacnamaíochta, tíreolaíochta nó pobail atá leo?*

Dúshlán breise: cuir isteach ar chomórtas ealaíne

- Dear póstaer (le láimh nó go leictreonach) a léireoidh míniú ar logainm(neacha) sa cheantar áitiúil – ceann amháin nó collage leis na logainmneacha is mó tábhacht sa cheantar. Tuilleadh eolais sa phacáiste seo, nó ar www.rith.ie/comortais.

Tuilleadh eolais agus acmhainní

www.rith.ie Léarscáil den chúrsa	Tá léarscáil mhionsonraithe (Google Maps) de chúrsa Rith 2012 ar fáil ar an suíomh gréasáin, agus liosta de na ciliméadair go léir atá ar fáil.

www.logainm.ie Eolas faoi Logainmneacha agus acmhainní oideachais	Seo bunachar sonraí (database) de Logainmneacha na hÉireann cruthaithe ag FIONTAR (DCU) i gcomhar leis an mBrainse Logainmneacha. Is féidir an suíomh a úsáid chun an leagan ceart Gaeilge nó Béarla de logainm a dhearbhú. Tá acmhainní oideachais do bhunscoileanna ar fáil le híoslódáil.
www.europa.eu	Suíomh tairisigh an Aontais Eorpaigh – leagan iomlán Gaeilge ar fáil. Eolas faoi thíortha agus theangacha, agus acmhainní oideachais le híoslódáil.
Léarscáileanna	Léarscáil na hÉireann i nGaeilge ar fáil ó COGG, www.cogg.ie. Póstaer de Chontaetha na hÉireann, an Eoraip agus an Domhan ar fáil ar www.udar.ie.